CÚIRT BHREITHIÚNAIS
AN AONTAIS EORPAIGH

## PREASEISIÚINT Uimh. 126/23

**Lucsamburg, 13 Iúil 2023**

Breithiúnas na Cúirte i gCásanna Uamtha C-615/20 | YP agus páirtithe eile agus C-671/20 | M. M. (Tarscaoileadh díolúine agus fionraí breithimh)

# Ceanglaítear ar na cúirteanna náisiúnta gníomh a dhífheidhmiú lena n-ordaítear, de shárú ar dhlí an Aontais, dualgais bhreithimh a chur ar fionraí

An 18 Samhain 2020, ghlac Dlísheomra Araíonachta Chúirt Uachtarach na Polainne rún lena n-údaraítear imeachtaí coiriúla a thionscnamh i gcoinne an Bhreithimh I.T. de Chúirt Réigiúnach Vársá, lena gcuirtear ar fionraí é ó oifig agus lena laghdaítear a luach saothair ar feadh ré na fionraíochta. I ndiaidh an rúin sin, rinneadh na cásanna a sannadh don Bhreitheamh I.T. ar dtús a athshannadh d'fhoirmíochtaí eile de chuid na Cúirte, cé is moite den chás coiriúil as ar eascair an tarchur le haghaidh réamhrialú i gCás C-615/20.

I gCás C-615/20, d'ardaigh an Chúirt Réigiúnach i Vársá, inar shuigh an Breitheamh I.T. mar bhreitheamh aonair, amhras faoi neamhspleáchas agus neamhchlaontacht an Dlísheomra Araíonachta [1] agus d'fhiafraigh sí an gcuirtear cosc le dlí AE ar chomhlacht den sórt sin díolúine choiriúil gnáthbhreithiúna cúirte a tharscaoileadh agus iad a chur ar fionraí óna ndualgais. Ina theannta sin, d'iarr sí ar an gCúirt Bhreithiúnais an gcuirtear bac le dlí an Aontais, go háirithe prionsabail na tosaíochta agus an chomhair dhílis, amhail nach féidir a mheas go bhfuil an rún atá i gceist ceangailteach agus an bhfuil an Breitheamh I.T., dá bhrí sin, i dteideal leanúint den scrúdú ar na himeachtaí coiriúla atá os a comhair sa chás sin.

I gCás C-671/20, d'iarr breitheamh ar athshannadh ceann de na cásanna a sannadh ar dtús ar an mBreitheamh I.T. dó, ar an gCúirt Bhreithiúnais an raibh sé de cheangal air faoi dhlí an Aontais staonadh ón gcás sin a scrúdú a thuilleadh, gan aird a thabhairt ar rún an Dlísheomra Araíonachta a glacadh i gcoinne an Bhreithimh I.T., agus an gá do na húdaráis bhreithiúnacha náisiúnta inniúla cead a thabhairt don Bhreitheamh I.T. leanúint den chás sin a éisteacht.

Sa bhreithiúnas a thug sí inniu, tugann an Chúirt dá haire go raibh an rún sin bunaithe ar fhorálacha náisiúnta ar chinn an Chúirt le déanaí go raibh siad contrártha leis an dara fomhír d'Airteagal 19(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach [2] sa mhéid is gur tugadh cumhacht leo go dtí an Dlísheomra Araíonachta, nach ráthaítear a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht, rialú a dhéanamh ar chásanna a bhfuil tionchar díreach acu ar stádas agus ar chomhlíonadh dhualgais na mbreithiúna, amhail imeachtaí coiriúla a thionscnamh i ndáil le breithiúna. Ag féachaint don údarás a ghabhann leis an mbreithiúnas lena ndéantar dearbhú maidir le mainneachtain de chuid Ballstáit, agus d'éifeacht dhíreach na forála sin agus do phrionsabal thosaíocht dhlí an Aontais, **tá sé de cheangal ar**

---

[1] Tá deireadh curtha le Cumann Araíonachta Chúirt Uachtarach na Polainne idir an dá linn. Féach ordú an 21 Aibreán 2023, an Pholainn v an Coimisiún, C-204/21 R-RAP, mír 26 (féach freisin Preaseisiúint Uimh. 65/23).

[2] Breithiúnas an 5 Meitheamh 2023, *an Coimisiún* v *an Pholainn* (Neamhspleáchas agus saol príobháideach na mbreithiúna), C-204/21 (féach freisin Nóta Foirne Uimh. 89/23).

**chúirteanna na Polainne, dá bhrí sin, a áirithiú go gcomhlíonfar an fhoráil sin agus an cinneadh sin ón gCúirt agus iarrtar orthu na conclúidí iomchuí go léir a bhaint as**, fiú in éagmais bearta reachtacha náisiúnta.

Chuige sin, ní mór do na cúirteanna náisiúnta, i gcás ina bhfuil sé sin fíor-riachtanach i bhfianaise staid an nós imeachta atá i gceist chun tosaíocht dhlí an Aontais a ráthú, dul gan a leithéid de rún a chur i bhfeidhm, gan aon bhreithniú bunaithe ar phrionsabal na deimhneachta dlíthiúla nó atá nasctha le húdarás *res judicata* a líomhnaítear don rún sin a bheith mar bhac air. Maidir le deimhneacht dhlíthiúil, tugann an Chúirt dá haire, go háirithe, go ndearna na cúirteanna náisiúnta na himeachtaí coiriúla i gCás C-615/20 agus i gCás C-671/20 a chur ar fionraí go dtí go dtabharfar an breithiúnas seo ón gCúirt, agus go ndealraíonn sé nach bhfuil aon rud ann chun cosc a chur ar atosú na n-imeachtaí sin ag an mBreitheamh I.T.

Dá bhrí sin, ceanglaítear le dlí an Aontais, ar an gcéad dul síos, i gCás C-615/20, **go bhféadfaidh an Breitheamh I.T. leanúint dá dhlínse a fheidhmiú sna himeachtaí coiriúla** atá os a chomhair agus, ar an dara dul síos, i gCás C-671/20, **go gcaithfidh an painéal breithiúna ar sannadh cás dó a sannadh ar dtús don Bhreitheamh I.T. staonadh ó rialú a dhéanamh ar an gcás sin agus go ndéanfaidh na comhlachtaí breithiúnacha inniúla an cás sin a athshannadh don Bhreitheamh I.T.**

Ar deireadh, chinn an Chúirt nach bhféadfaí, leis na forálacha náisiúnta lena dtoirmisctear ar chúirteanna náisiúnta, ar phian smachtbhannaí araíonachta, scrúdú a dhéanamh ar chineál ceangailteach an rúin arna ghlacadh ag an Dlísheomra Araíonachta, ná le cásdlí de chuid cúirte bunreachtúla nach gceadaítear scrúdú den sórt sin faoi, cosc a chur ar chur i bhfeidhm an rúin sin a chur ar leataobh. Ceanglaítear le tosaíocht dhlí an Aontais nach gcuirfear aon fhoráil náisiúnta ná aon chásdlí náisiúnta atá contrártha do dhlí an Aontais i bhfeidhm. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir breitheamh a chur faoi dhliteanas birt araíonachta toisc nár chuir sé nó sí na forálacha sin ná cásdlí náisiúnta i bhfeidhm.

**NÓTA:** Leis an tarchur chun réamhrialú, cuirtear ar chumas do chúirteanna agus binsí na mBallstát, i gcomhthéacs díospóide os a gcomhair, ceisteanna maidir le léiriú ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó bailíocht gnímh de chuid na Aontais a tharchur chun na Cúirte Breithiúnais. Ní chinneann an Chúirt Bhreithiúnais an díospóid náisiúnta. Is faoin gcúirt nó binse náisiúnta atá sé an cás a chinneadh i gcomhréir le cinneadh na Cúirte Breithiúnais. Tá an cinneadh sin ina cheangal, ar an gcaoi chéanna, ar chúirteanna agus binsí náisiúnta eile a n-ardaítear saincheist chomhchosúil os a gcomhair.

Doiciméad neamhoifigiúil le húsáid ag na meáin, nach bhfuil ina cheangal ar an gCúirt Bhreithiúnais.

Foilsítear téacs iomlán agus résumé an bhreithiúnais ar shuíomh gréasáin CURIA ar lá na fógartha.

Teagmhálaí preasa: Jacques Zammit ✆(+352) 4303 3355

Tá íomhánna den bhreithiúnas arna fhógairt ar "Europe by Satellite" ✆(+32) 2 2964106

Fanaigí i dteagmháil linn!